Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Aibreán 2024**
**(OR. en)**

**8870/24**

**ECOFIN 444**
**UEM 92**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Saoráid an Aontais a sholáthraíonn cúnamh airgeadais meántéarmach faoi chomhair chomhardú íocaíochtaí na mBallstát de bhun Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 ón gComhairle<br>– Conclúidí ón gComhairle (an 12 Aibreán 2024) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle i ndáil le saoráid an Aontais a sholáthraíonn cúnamh airgeadais meántéarmach faoi chomhair chomhardú íocaíochtaí na mBallstát de bhun Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 ón gComhairle, a ndearnadh formheas air ag cruinniú de chuid ECOFIN a tionóladh an 12 Aibreán 2024.

**Conclúidí ón gComhairle**

**maidir le saoráid an Aontais a sholáthraíonn cúnamh airgeadais meántéarmach faoi chomhair chomhardú íocaíochtaí na mBallstát de bhun Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 ón gComhairle**

Déanann COMHAIRLE an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas:

1. AG FÉACHAINT do Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 ón gComhairle an 18 Feabhra 2002 lena mbunaítear saoráid a sholáthraíonn cúnamh airgeadais meántéarmach faoi chomhair chomhardú íocaíochtaí na mBallstát (an tsaoráid);

2. AG FÉACHAINT d'Airteagal 10 den rialachán thuasluaite, faoina n-éilítear ar an gComhairle scrúdú a dhéanamh gach 3 bliana, le féachaint an sásaíonn an tsaoráid go fóill, ó thaobh prionsabal, socruithe agus uasteorainn de, an riachtanas a thug ar an bhfód í, bunaithe ar thuarascáil an Choimisiúin agus tar éis don Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais (CEA) a thuairim a thabhairt uaidh;

3. TAR ÉIS DI SCRÚDÚ A DHÉANAMH AR thuarascáil an Choimisiúin chuig an gComhairle, a eisíodh ar an 29 Eanáir 2024; agus ar thuairim CEA, a glacadh an 25 Márta 2024;

4. TÁ SÍ DEN TUAIRIM go bhfónann an tsaoráid go fóill, ó thaobh prionsabail, socruithe agus uasteorainn reatha de, do na cuspóirí a thug ar an bhfód í, cé go bhfuil deis ann na módúlachtaí cistiúcháin a thabhairt cothrom le dáta;

5. TÁ SÍ FAOI RÉIR CHUN TUILLEADH PLÉ A DHÉANAMH ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó na géarchéimeanna a tharla le déanaí agus ar fhorbairtí institiúideacha, eacnamaíocha agus airgeadais ó 2009 i leith, agus ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith acu maidir le dearadh agus cur chun feidhme na saoráide.